# Caighdeáin Eitice Idirnáisiúnta

## Creatlach eiticiúil don mhargadh maoine domhanda

Leasaithe Bealtaine 2021



# Fáilte chuig CEI

Thar cheann baill den Chomhghuaillíocht Idirnáisiúnta um Caighdeán Eitice (CICE), grúpa de thimpeall 150 eagraíocht dhomhanda neamhspleách, grúpa a bhfuil a bhallraíocht ag dul i méid i gcónaí, ba mhaith linn an Caighdeán Eitice Idirnáisiúnta (CEI) a thairiscint.

Don chéad uair riamh tá cnuasach de phrionsabail ard leibhéil eitice curtha le céile dóibh siúd atá ag feidhmiú sna gairmeacha a bhaineann le talamh, maoin, tógáil agus bonneagar, nó gairmeacha eile atá bainteach leo siúd (chun liosta de na heagraíochtaí atá ina bhaill den Chomhghuaillíocht a fháil, féach www.ies-coalition.org). Tá eagraíochtaí ón domhan ina iomláine tar éis teacht le chéile chun caighdeán coiteann amháin a chruthú. Tá sé soiléir dúinn, agus an chaoi ina bhfuil an margadh ag athrú agus ag fás, gur gá go bhforbrófar agus go neartófar an chur chuige atá againn i leith eitice gairme.

Ag tosú le cruinniú ag na Náisiúin Aontaithe i Nua Eabhrach i mí Dheireadh Fómhair 2014, Shínigh eagraíochtaí, a bhí mar bhaill den Chomhghuaillíocht, fógra a dhearbhaigh go raibh sé mar aidhm acu na caighdeáin a cur i bhfeidhm eatarthu féin agus na margaí domhanda a ghríosú chun glacadh le CEI agus iad a chur i bhfeidhm freisin.

I ndiaidh an chéad cruinnithe, eagraigh na heagraíochtaí baill den Chomhghuaillíocht, Coiste Neamhspleách um Leagan síos Chaighdeáin (CNLC). Mar bhaill den Choiste seo, bhí daoine ó gach cearn den domhan, a bhí suim ghnóthach, nó saineolas, acu i gcúrsaí eitice. Ag deireadh 2018, chuir an CNLC dréacht comhairliúchán ar fáil. Chuireadh an dréacht seo faoi iniúchadh chomhairliúcháin de thréimhse trí mhí chun teacht ar an gcéad leagan. Sa bhliain 2018 iarradh ar an CNLC uasdátú a dhéanamh ar an gcaighdeán. Chuireadh an leagan uasdátaithe seo faoi iniúchadh comhairleach na heagraíochtaí iontaobhaithe ar feadh tréimhse agus tháinig an tréimhse sin chun críche i 2021. Is é seo an leagan reatha agus uasdátaithe den doiciméad.

Feidhmeoidh na *Caighdeáin Eitice Idirnáisiúnta* mar chrann taca chun iompar cuí a chinntiú. Cabhróidh siad chun go mbeadh comhsheasmhacht agus soiléireacht ann, beag beann ar conas mar a thiocfadh athraithe ar chúrsaí, mar shampla athraithe ar an staid eacnamaíochta, nó ar chleachtais gnó i margaí éagsúla.

Creideann an Chomhghuaillíocht go gcinnteodh cruthú aon chaighdeán coiteann amháin leibhéil níos airde gairme ar fud an domhain agus go gcuireadh sé in aghaidh neamh-chomhsheasmhacht. 'Sé an aidhm atá ag an gComhghuaillíocht ná go mbeidh na caighdeáin mar bhunús i leith cinnteacht sa mhargadh, chomh maith le trédhearcacht, sa chaoi go spreagfaí infheistiú agus borradh. Mar thoradh ar seo, beidh tionchar díreach ag na caighdeáin ar chomhlachtaí agus ar lucht gairme.

**Bord na hIontaobhaithe**

# Caighdeáin Eitice Idirnáisiúnta

## Cuspóir

'Sé an aidhm atá ag an gComhghuaillíocht Idirnáisiúnta um Caighdeán Eitice (CICE) ná comhghuaillíocht d'eagraíochtaí gairmiúla a bhaineann le talamh, tógáil, bonneagar agus gairmeacha eile atá bainteach leo, an pháirt chriticiúil, a imríonn eitic i gcleachtais ghairmiúla, a dheimhniú agus a chaomhnú ionas go bhfreastalófar ar riachtanais an margadh idirnáisiúnta agus go gcothófar muinín agus iontaoibh an pobal.

## Misean

Ceap an CICE an Choiste Neamhspleách um Leagan síos Chaighdeáin (CNLC) chun taighde a dhéanamh agus chun caighdeáin idirnáisiúnta eitice, atá bunaithe ar phrionsabal, a chumadh agus a chaomhnú agus iad seo a bheith curtha i bhfeidhm ag an CICE, eagraíochtaí gairmiúla, lucht tacaíochta an CICE agus páirtithe leasmhara eile a mbeadh suim acu sa scéal.

## Fís

Chun iompar eiticiúil i gcleachtais ghairmiúla a chur chun cinn agus a threisiú, chun tairbhe na gcliant, tríú páirtithe, cleachtóirí eile, páirtithe leasmhara atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo agus an pobal i gcoitinne.

## Sainmhínithe lárnacha

Maidir le cuspóir an chaighdeáin seo, déantar sainmhíniú ar na téarmaí seo leanas.

### Cliant

Duine nó grúpa a bhaineann úsáid as seirbhísí a chuireann cleachtóir ar fáil, de réir riachtanais ghairmiúla eagraíochtaí atá mar chuid den CICE.

### Cleachtóir

Duine atá cáilithe agus atá ag cleachtadh in aon cheann de na gairmeacha a bhaineann le talamh, maoin, tógáil, bonneagar, nó gairmeacha eile atá bainteach leo.

### Páirtí leasmhar

Duine nó grúpa, a chuirtear isteach orthu, go díreach nó go hindíreach, de bharr seirbhís a dhéanann cleachtóir ar son cliant.

### Tríú pháirtí

Duine nó grúpa atá bainteach le chás agus go gcuireann seirbhísí, a rinne cleachtóir ar son cliant, isteach orthu go díreach.

## Prionsabail Eitice

Baineann an ráiteas prionsabail seo le bun phrionsabal bunúsacha gairmiúla agus feidhmíonn siad mar bhunchloch iompair láidir gairmiúil. Cuirfear i bhfeidhm iad i ngach caidreamh gairmiúil ina mbíonn cleachtóirí bainteach. Tá sé mar chuid de na comhthéacsanna éagsúla ina mbíonn cleachtóirí gníomhach agus baineann siad leis na dúshláin atá rompu go háitiúil, go náisiúnta agus ar fud an domhain. Cuireann sé creatlach eiticiúil ar fáil a thugann tacaíocht do dhearcadh gairmiúil ar chearta daonna agus dualgais i ngach réimse, bíodh sé casta nó simplí. Mar shampla, tá gníomhaíocht inbhuanaithe, agus an gá atá leis, ag teacht chun cinn mar cheist eiticiúil de réir a chéile agus caithfear aird a thabhairt air mar ábhar. Dá bhrí sin gríosaítear cleachtóirí chun aithne a chur ar thionscnaimh dhomhanda ar nós Spriocanna Forbairt Inbhuanaithe na Náisiúin Aontaithe (UN SDGs).
(https://www.un.org/sustainabledevelopment/sustainable-development-goals/)

Liostáiltear na prionsabail eitice thíos in ord aibítreach ach ceaptar go bhfuil gach ceann díobh ar comhchéim ó thaobh tábhachta de. Má thagann dhá phrionsabal, nó níos mó, salach ar a céile le linn oibre ar bith, ba chóir don chleachtóir tús áite a thabhairt don phrionsabal is fearr a oireann chun leasa an phobail, i gcomhthéacs na hoibre atá idir lámha. Is cuid den leas poiblí na rudaí seo leanas, cé nach bhfuil sé teoranta dóibh siúd amháin:

- Caomhnú seirbhísí iontaofa i gcóir cliaint,
- caighdeáin cheart iompar agus riaradh a choimeád ag imeacht, agus
- clú na gairme a coimeád slán.

**Freagracht**: Tógfaidh cleachtóirí lán fhreagracht as na seirbhísí a chuireann siad ar fáil agus coimeádfaidh siad eolas faoi theicneolaíocht ghairmiúil, chomh maith le múnlaí agus sonraí a bhaineann lena gcleachtas, suas chun dáta; tabharfaidh siad aird do, agus léireoidh siad meas ar, chearta agus leas a gcliaint, tríú páirtithe agus páirtithe leasmhara; agus tabharfaidh siad aird chuí ar chúinsí sóisialta agus comhshaol i ngach gné dá chuid oibre.

**Rúndacht**: Ní scaoilfidh cleachtóir aon fhaisnéis rúnda nó aon fhaisnéis dílsithe, gan cead a fháil i dtosach báire, ach amháin nuair is gá a leithéid d'fhaisnéis a nochtadh de réir dlí nó de réir na rialacháin chuí.

**Coimhlint leasa**: Nochtfaidh cleachtóirí aon eolas cuí i dtaobh coimhlint leasa ag an am cuí roimh thosú aon seirbhís agus i rith an ama a bhíonn aon seirbhís ar siúl. Má tharlaíonn sé, agus coimhlint a bheith nochta, agus más rud é nach féidir an choimhlint leasa seo a chur ar ceal nó a laghdú, seasfaidh an cleachtóir siar ón ghnó, ach amháin má thagann na páirtithe, lena mbaineann an gnó, ar chomhaontú go mbeadh sé inghlactha go leanfadh an cleachtóir ar aghaidh leis an ngnó.

**Éagsúlacht**: Ba chóir do chleachtóirí timpeallacht a spreagadh, a bheadh ionchuimsitheach agus oscailte, ionas gur féidir le daoine a bhfuil ábaltachtaí agus féiniúlachtaí éagsúla acu teacht isteach agus dul chun cinn a dhéanamh ina chuid ionaid oibre agus ins na gairmeacha cuí.

**Freagracht airgeadais**: Cloífidh cleachtóirí leis an fhírinne agus beidh siad trédhearcach agus iontaofa ins an bheartaíocht go léir ina mbeadh siad páirteach.

**Ionrachas**: Gnóthóidh cleachtóirí le hionracas, cuibheas agus cothroime. Bunóidh siad aon chomhairle ghairmiúil a thugann siad, ar fhianaise a bhaineann le hábhar, cinnteoidh siad go bhfuil sé iontaofa agus gur féidir brath air.

**Dlíthiúlacht:** Cloífidh cleachtóirí leis na riachtanais dhlíthiúla a bhaineann lena dhisciplín féin ins na dlínsí ina bhfuil siad ag cleachtadh agus chomh maith le sin, le haon dlí idirnáisiúnta nó seachtrach a bhaineann leis an ghnó.

**Smaoineamh:** Déanfaidh cleachtóirí smaoineamh go coitianta ar na caighdeáin agus an cleachtas is fearr a bheadh oiriúnach dá dhisciplín féin agus déanfaidh siad gach iarracht, deimhin a dhéanamh de go bhfuil a cleachtas féir ar comhchéim le prionsabal eitice agus caighdeáin ghairmiúla atá ag teacht chun tosaigh.

**Meas:** Caithfidh cleachtóirí le daoine eile le tuiscint agus beidh siad báúil leo; Ba chóir dóibh aon laghdú in

ábaltacht duine ar bith, i leith saoirse, príobháideacht agus neamhspleáchas a sheachaint; agus ba chóir dóibh a aithint chomh tábhachtach is atá sé caitheamh le daoine eile gan leithcheal nó réamhclaonadh a cleachtadh ina n-aghaidh agus chomh maith, a leas agus a shábháilteacht pearsanta a chaomhnú.

**Caighdeán seirbhíse:** Cuirfidh cleachtóirí seirbhísí ar fáil sa mhéid go bhfuil siad inniúil agus cáilithe; déanfaidh siad deimhin de go bhfuil an inniúlacht chuí ag aon fhostaí nó comhghleacaí a bheadh ag cabhrú leo i seirbhísí a chur ar fáil; agus gríosóidh siad fostaithe agus comhghleacaithe chun a scileanna gairmiúla féin a chaomhnú agus a chur chun cinn trí mheán forbairt ghairmiúil leanúnach agus acmhainní eile.

**Trédhearcacht:** Feidhmeoidh cleachtóirí go hoscailte agus beidh siad insroichte; cuirfidh siad na cáipéisí cuí ar fáil, nó aon ábhar eile, téarmaí fostaíochta san áireamh, i dteanga shoiléir agus intuigthe; agus déanfaidh siad torthaí sonraí agus anailís a thairiscint go soiléir agus gan láimhsiú míchuí.

**Iontaoibh:** Caomhnóidh cleachtóirí an dualgas atá orthu cáil a ghairm a chur chun cinn agus tógfaidh siad faoi deara an tionchar a imríonn a chuid cleachtais agus iompar ar chaomhnú iontaoibh agus muinín an phobail ins na heagraíochtaí  gairmiúla agus na gairmeacha ag a bhfuil siad mar ionadaithe.

# Coiste Leagan síos Caighdeáin an CEI

Go luath sa bhliain 2015, roghnaigh iontaobhaithe an CEI daoine go raibh suim ghnóthach nó saineolas i gcúrsaí eitice acu, chun Coiste Leagan síos Caighdeáin (CLC) a eagrú. Tháinig baill an choiste seo as gach aon chearn den domhan agus iarradh orthu caighdeáin eitice domhanda a fhorbairt dóibh siúd atá ag obair i ngairmeacha na talún, maoine, tógála agus bonneagair agus gairmeacha eile atá gaolta leo siúd.

Feidhmíonn an CLC go neamhspleách ar an gComhghuaillíocht agus a chuid baill.

'Siad na baill agus na comh-údair don chéad eagrán den chaighdeán a foilsíodh i Nollaig 2016 ná:

**John J. Leary** (SAM) Cathaoirleach
BA, MAI, CRE

**Dr Richard Davies** (An Ríocht Aontaithe)
MA, FRSA, FCIM

**Dr C. Kat Grimsley** (SAM)
BS (Hons), MS, PhD

**Robert H. McKennon** (SAM)
BA, CRE, MAI

**William P. J. McCarthy** (Ceanada)
AA, BA, BGS, B Th, MA, MAIS, CPM, FRI, LO, RPA, FRICS, RI, ICD, D, Q.Arb, CCIM, CRE

**Akinola Olawore** (An Nígéir)
BSc (Hons), RICS Dip, FNIVS, FRICS, MAPM, FIMCON, MICArb, MNIM

**Alexey Shaskolsky** (An Rúis)
MRICS, PHD, AMAI

**Sylvain Levy Valensi** (An Fhrainc)

**Adam Williamson** (An Ríocht Aontaithe)
BSc, MSc, APM

**Israel Aron Zylberman** (An Bhreasaíl)
BSc (Hons), MBA, MIBGC

**Alexander Aronsohn** (An Ríocht Aontaithe) Rúnaí Feidhmiúcháin
BSc (Hons), PG Dip, FRICS

**Dr Clare Eriksson** (An Ríocht Aontaithe)
MBA, PhD, FRICS, FSCSI

**Professor Liu Hongyu** (An tSín)
BSc (Hons), MSc, FCIREA, FRICS

**Sr Firdaus Musa** (An Mhalaeisia)
AMP, MRIC, FRISM, MPEPS, MMEIA, MFIABCI, MMIPM

**Steven R. Norris** (SAM)
BA (Hons), MAI, MCRE, FRICS

**Fred Prassas** (SAM)
BSc (Hons), MBA, CPM

**Koji Tanaka** (An tSeapáin)
FRICS RIBA ACIArb JIA

**Professor Dr Josef Wieland** (An Ghearmáin)
PhD

**L. Deane Wilson** (SAM)
MA, ASA, AQB

## Coiste Leagan síos Caighdeáin an CEI

I nDeireadh Fómhair na bliana 2018, ag cruinniú i nDubai, phlé iontaobhaite an CIE na caighdeáin agus shocraíodar Coiste Leagan síos Caighdeáin (CLC) athchruthaithe a athbhunú ina mbeadh cuid de bhaill bhunaigh an CLC agus roinnt baill nua chomh maith, a bheadh in ann scileanna breise agus léargas ar an mhargadh a chur ar fáil. Iarradh ar an CLC a dtuairimí a nochtadh ar cé chomh sásúil, ina iomláine, a bhí na caighdeáin a bhí ann ag an am nó, más gá iad a choimeád oiriúnach don mhargadh, go mba chóir don CEI roinnt athbhreithnithe a dhéanamh ar na caighdeáin chun pointí eitice breise a chur san áireamh, mar shampla éagsúlacht, tionchar eitice Proptech agus inbhuanaitheacht.

Feidhmíonn an CLC beag beann ar an gComhghuaillíocht agus a chuid baill.

'Siad baill agus comh-údair an CLC don dara heagrán den chaighdeán, a foilsíodh i 2021 ná:

**John J. Leary (SAM) Cathaoirleach**

BA, MAI, CRE

**Dr Richard Davies (An Ríocht Aontaithe)**

MA, FRSA, FCIM

**Giuliano Gasparini (Abu Dhabi & An Iodáil)**

CRE, FRICS, HAMA, FIH

**Ursula Hartenberger (An Bheilg)**

BA (Hons), MA

**Robert H. McKennon (SAM)**

BA, CRE, MAI

**Steven R. Norris (SAM)**

BA (Hons), MAI, MCRE, FRICS

**Fred Prassas (SAM)**

BSc (Hons), MBA, CPM

**Adam Williamson (An Ríocht Aontaithe)**

BSc, MSc, APM

**Alexander Aronsohn (An Ríocht Aontaithe) Rúnaí Feidhmiúcháin**

*BSc (Hons), PG Dip, FRICS*

**Dr Clare Eriksson (An Ríocht Aontaithe)**

MBA, PhD, FRICS, FSCSI

**Dr C. Kat Grimsley (SAM)**

BS (Hons), MS, PhD

**Hiroyuki Isobe**

BA, MSc, CRE, FRICS

**An tOllamh Andrew Knight**

BSc (Hons), PhD, FRICS

**Akinola Olawore † (An Nígéir) *(1960-2019)***

BSc (Hons), RICS Dip, FNIVS, FRICS, MAPM, FIMCON, MICArb, MNIM

**Marsha Standish (SAM)**

CCMA II, CCMC, SPA

**Alexey Shaskolsky (An Rúis)**

MRICS, PHD, AMAI

IES INTERNATIONAL ETHICS STANDARDS
www.ies-coalition.org

# Caighdeáin Eitice Idirnáisiúnta

## Creatlach eiticiúil don mhargadh maoine domhanda

### Cóipcheart

Foilsithe ag an gComhghuaillíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeáin Eitice (CICE).

Ní ghlacfaidh na húdair nó an CICE aon fhreagracht i leith cailliúint nó damáiste a dhéantar do dhuine ar bith, de bharr aon rud a dhéanamh, nó fanacht siar uaidh, mar thoradh ar an ábhar atá mar chuid den fhoilseachán seo.

Cóipcheart © 2021 An Chomhghuaillíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeáin Eitice (CICE). Gach ceart coimeádta. Is féidir cóipeanna den cháipéis seo a dhéanamh ar choinníoll daingean go n-admhaítear úinéireacht cóipchearta an CICE, go leagtar amach seoladh eangach an CICE ina iomláine, www.ies-coalition.org agus nach gcuireann siad le hainm nó ábhar na cáipéise, nó nach n-athraíonn siad ainm nó ábhar na cáipéise, i slí ar bith.

Nó chóir an cháipéis seo a aistriú, ina iomláine nó i bpáirt agus ní cóir é a craobhscaoileadh ar aon mheán, leictreonach nó meicniúil, nó in aon slí eile atá ann faoi láthair, nó a cumfar amach anseo, fótachóipeáil nó taifead san áireamh, nó é a chur in aon chóras stórála agus aistarraingt fhaisnéise, gan cead scríofa ón CICE.

Aistrithe go Gaeilge ag Muiris S. de Buitléir

Le do thoil, seol aon ábhar a bhaineann le foilsiú nó cóipcheart chuig iescoalition@gmail.com